| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cár rugadh tú?<br>*Rugadh i Nua Eabhrac mé.* | Where were you born?<br>*I was born in New York.* |
| | Cár tógadh tú?<br>*Tógadh anseo i San Diego mé.* | Where were you raised?<br>*I was raised here in San Diego.* |
| | Cá raibh tú i do chónaí nuair a bhí tú deich mbliana d'aois?<br>*Bhí mé i mo chónaí in Éirinn.* | Where did you live when you were ten years old?<br>*I lived in Ireland.* |
| **2.** | An cuimhin leat an áit ina raibh tú i do chónaí nuair a bhí tú a cúig?<br>*Ní cuimhin go díreach. Bhí mé ró-óg.* | Do you remember the place you were living when you were five?<br>*Not exactly. I was too young.* |
| | Cad is cuimhin leat ó d'óige?<br>*Is cuimhin liom an madra a bhí agam mar pheata.* | What do you remember from your youth?<br>*I remember the dog that I used to have as a pet.* |
| **3.** | Ar thaitin an scoil leat?<br>*Thaitin. Thaitin an rang staire liom ach go háirithe.* | Did you like school?<br>*Yes. I especially liked my history class.* |
| | Cad a rinne tú don spraoi agus tú fós óg?<br>*D'imir mé cispheil le mo chairde.* | What did you do for fun when you were still young?<br>*I played basketball with my friends.* |
| | *Thaitin sé go mór liom a bheith ag léamh.* | *I really like reading.* |
| **4.** | An ndearna tú obair tí agus tú i do pháiste?<br>*Rinne. Bhí orm an t-urlár a scuabadh gach lá.* | Did you do housework when you were a child?<br>Yes. I had to sweep the floor every day. |
| | Cad é an chéad obair a rinne tú?<br>*Bhí mé ag obair mar fhreastalaí ag bialann bheag.* | What is the first work you did?<br>*I worked as a waiter in a small restaurant.* |